Dathú · Tarraingt · Cluichí · Spraoi

# Turas Tíre sa Teach




le SADHBH DEVLIN
agus TARSILA KRÜSE

Urraithe ag
Foras na Gaeilge



Tar linn ar thuras timpeall na tíre inár dteach speisialta! Ach cé atá sa teach?
Tarraing tú féin agus na daoine ar mhaith leat taisteal leo sna fuinneoga!

**Bíp bíp! Gach duine ar bord! An bhfuil tú réidh le tosú?**



## Tosnóimid an turas ó thuaidh, ag:


## Clochán na bhFomhórach

Áit álainn, neamhghnáthach i gCo. Aontroma é Clochán na bhFomhórach. Tá níos mó ná 40,000 colúin basalt ann. Ceaptar go raibh na clocha seo cruthaithe de bharr brúcht bolcánach a tharla 60 milliún bliain ó shin – ach tá scéal eile ann atá i bhfad níos spéisiúla ná sin!


Fadó fadó, thóg an laoch Fionn Mac Cumhaill cosán ón áit sin trasna na farraige go hAlbain. Bhí sé chun troid a dhéanamh le fathach ach, nuair a chonaic Fionn cé chomh fíochmhar is a bhí sé theith sé abhaile go tapaidh. Faraoir, lean an fathach fíochmhar é! Le cabhair óna bhean, Úna, tháinig Fionn slán. Ghléas sí mar leanbh é agus nuair a chonaic an fathach go raibh leanbh Fhinn chomh láidir le laoch, tháinig eagla air. Rinne sé smidiríní den chosán agus é ag éalú abhaile ionas nach mbeadh Fionn in ann é a leanúint.

# Dathú!

**Chaill an fathach fíochmhar a bhuatais agus é ag rith abhaile.**
**Tá sé fós le feiscint ar Chlochán na bhFomhórach inniú. Cuir dath air!**





**Tá an fathach fíochmhar sa tóir ar Fhionn Mac Cumhaill.**
**Cabhraigh leis an bealach is tapúla abhaile a aimsiú!**
**Seachain na bacanna!**



## Tarraing!

**Tá an bolcán seo ar tí brúchtadh**
**– ach céard a thiocfaidh amach as?!**
**Úsáid do shamhlaíocht agus tarraing é!**






**Bíp Bíp! Tá sé in am dúinn bogadh ar aghaidh.**
**Síos an cósta linn go dtí go dtagann muid chuig…**

## Páirc an Fhionnuisce!

**Is í Páirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath, an pháirc phoiblí is mó san Eoraip. Tógadh í sna 1660idí agus tá sí in úsáid ag muintir na cathrach ó 1747 nuair a osclaíodh í don phobal. Tá páirceanna spóirt, raon rothaíochta agus siúlóide agus radharcanna áille ar fud na páirce. Ach, tá neart rudaí spéisiúla eile le feiscint sa pháirc speisialta seo fresin: Áras an Uachtaráin, áit a bhfuil cónaí ar Uachtarán na hÉireann; Gáirdíní Bláthanna Victeoiriacha agus fiú Gáirdín na nAinmhithe (nó an Zú más fearr leat)! Tá tréad fianna buí ina chónaí go fiáin ann freisin. Is féidir siúl go deas ciúin ina measc - ach níl cead bia a thabhairt dóibh!**

## Tarraing!


**Ceangail na poncanna agus féach cén bláthanna atá anseo.**
**Ansin cuir dath orthu!**




## Céim ar chéim

**Lean na treoracha le foghlaim conas tíogar ón Zú a tharraingt.**


1



2




3




4




5




6



7




8



## Scríobh An Scéal

**Dúradh leat gan bia a thabhairt do na fianna buí sa pháirc ach sciob ceann acu na milseáin ó do mhála agus tá siad uilig ite aige. Anois tá rud éigin aisteach ag tarlú dó....**





**Bíp Bíp! Tá sé in am dúinn bogadh ar aghaidh ó dheas go dtí go dtagann muid chuig...**

## Abhainn na Laoi

**Éiríonn abhainn na Laoi i Cnoic na Seithe in aice le Guagán Barra i gCo. Chorcaí. Ritheann sí soir go dtí go scoilteann sí ina dhá leath chun oileán a chruthú. Tá cathair Chorcaí tógtha ar an oileán seo agus é lán le tithe, siopaí, agus daoine. Ritheann an abhainn ar aghaidh arís go dtí go mbualann sí leis an bhfarraige i gCuan Chorcaí. Tá 42 droichead thar an Laoi. Ceann amháin acu ná Droichead Uí Dhálaigh. Glaonn muintir na cathrach 'an droichead creathach' air toisc go mbogann sé nuair a shiúlann tú air!**




# Tarraing!

**Déan droichead nua thar an abhainn a dhearadh.**

**Cuir ainm air!**








**Gearr amach na cruthanna, dathaigh iad agus cruthaigh radharc sléibhe.**



**An bhfuil tú in ann 7 ndifear a aimsiú idir na pictiúirí seo?**
**Cuir ciorcal timpeall orthu.**







**Bíp Bíp! Tá sé in am dúinn bogadh ar aghaidh arís.**
**Suas an cósta agus amach ar an bhfarraige linn**
**go dtí go dtagann muid chuig…**

## Na hOileáin Árainn

**Is grúpa trí oileáin iad na hOileáin Árainn amach ó chósta na Gaillimhe. Is í Inis Oírr an t-oileán is lú, Inis Meáin an ceann sa lár agus Inis Mór an t-oileán is MÓ! Labhraíonn daoine Gaeilge go príomha ar na n-oileán speisialta seo. Ní fhásann mórán crann ann, ach tá fallaí cloiche agus páirceanna beaga le feiscint ar fud na n-oileáin chomh maith le háiteanna ársa cosúil le Dún Aonghasa. Tá cáil dhomhanda ar bhall éadaigh a dhéantar in Árann – an geansaí Árannach. Tá sé cniotáilte as olann bhán agus tá pátrúin siméadracha air. Dá mbeadh tú amuigh ar an bhfarraige i gcurach – bád traidisiúnta a úsáidtear sa cheantar seo - choimeádfadh na geansaithe seo tirim teolaí thú!**




# Tarraing!




**Cén pátrún a chuirfidh tú ar do geansaí Árannach?**
**Ná déan dearmad do hata a dhearadh freisin!**





**Caithfidh an curach seo iasc a thabhairt ó Inis Oírr go hInis Meáin agus go hInis Mór. Cabhraigh léi an bealach is fearr a aimsiú – agus seachain na tonnta móra!**






**Aimsigh na píosaí den fhalla atá in easnamh agus cuir dath orthu.**








**Bíp Bíp! Tá sé in am dúinn bogadh ar aghaidh arís.**
**Isteach go lár na tíre linn anois don stad deireannach:**


## Portach na Buaraí

Sna blianta atá imithe, baineadh móin ó Phortach na Buaraí i gCo. Uíbh Fháilí mar bhreosla do thinte na tíre. Anois, is páirc gníomhaíochta é le lochanna, éin, fiadhúlra agus taispeántas dealbhóireachta le feiscint ann. Tá na dealbha déanta as ábhar a bhí ar an bportach fadó – cosúil le hinill traenach, línte iarnróid, adhmad agus cloch. Tá ceann amháin i gcrut pirimid agus is ciorcal mór buí ceann eile acu.

Tá 130 cineál éan éagsúla le feiscint ar Phortach na Buaraí freisin, chomh maith le broic ialtóga agus fianna. Is féidir rothaíocht, siúl agus iascaireacht a dhéanamh ann nó díreach suí ag breathnú amach ar na radharcanna áille!



## Cuardach Focal



**Aimsigh roinnt de na héin atá le feiscint ar Phortach na Buaraí**


Patraisc
Eala
Crotach
Druid
Spideog

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| M | E | I | R | L | I | Ú | N | F | T | R | P |
| D | B | G | T | E | E | U | P | A | L | P | O |
| E | R | G | H | M | C | A | H | B | É | H | C |
| I | Ó | I | G | D | T | H | F | H | Á | Ú | A |
| Í | B | C | S | R | S | M | N | C | C | F | I |
| N | É | F | A | U | B | R | L | Ú | R | H | R |
| Ó | D | I | S | I | M | T | U | N | O | I | E |
| G | S | P | I | D | E | O | G | G | T | Ó | G |
| C | F | G | N | H | R | U | S | O | A | P | A |
| O | P | B | R | F | E | R | C | R | C | P | O |
| Í | M | M | C | N | P | A | Í | M | H | Ó | I |
| C | L | A | M | H | Á | N | L | M | Á | B | T |
| R | P | T | Ú | M | P | A | C | A | R | L | H |
| L | O | N | D | U | B | H | Ó | P | B | D | E |


Pocaire Gaoithe
Meirliún
Clamhán
Fabhcún Gorm
Lon dubh



**Cruthaigh dealbh nua le cur sa pháirc.**
**Cén t-ainm ata air?**



# Dathaigh de réir na nUimhreacha




| | |
|---|---|
| 1 - Oráiste | 5 - Glas dorcha |
| 2 - Donn | 6 - Glas geal |
| 3 - Gorm | 7 - Dubh |
| 4 - Liath | 8 - Bándearg |

**Tá deireadh tagtha lenár dturas!**
**Ach, tá rud amháin fágtha le déanamh**
**– na cártaí poist a scríobh!**


Tarraing an áit a thaitin is mó leat ar an gcárta seo:



Scríobh an cárta seo chuig duine a bhraitheann tú uait:




Tarraing áit atá tú ag iarraidh cuairt a thabhairt air sa todhchaí ar an gcárta seo:



## Bíp bíp! Slán go fóill!

Turas Tíre sa Teach Cóipcheart © 2020 le Tarsila Krüse agus Sadhbh Devlin. Gach ceart ar cosaint.
Is féidir an leathnach seo a fhótacóipeáil/phriontáil le haghaidh dáileadh saor in aisce.

# SADHBH & TARSILA



## SADHBH DEVLIN
**Scríbhneoir**

Is scríbhneoir do pháistí í Sadhbh Devlin. Is i gCill Mhantáin atá sí ina cónaí.

D'fhoilsigh Futa Fata a céad phictiúrleabhar, BÍ AG SPRAOI LIOM! i 2017, é maisithe ag Tarsila Krüse. Tháinig BEAG BÍDEACH uaithi i 2018, é maisithe ag Róisín Hahessy. Ainmníodh BEAG BÍDEACH le haghaidh ceithre ghradaim; Leabhar Pháistí Éireann: Leabhar na Bliana, Gradam Réics Carló, Cumann Litearthachta na hÉireann: Leabhar na Bliana agus iBbY Ireland: Hans Christian Andersen Honour List 2020. Beidh an tríú pictiúirleabhar uaithi foilsithe ag Futa Fata in 2020.

Is í an Scríbhneoir Cónaithe 2019-2020 le dlr LexIcon agus is ball í den scéim Writers in Schools chomh maith. Tugann Sadhbh cuairt ar scoileanna agus leabharlanna thart timpeall na tíre agus éascaíonn sí ceardlanna do pháistí agus teaghlaigh ag féiltí cosúil le ILFD, Listowel Writers' Week, Belfast Arts Festival, Dubray StoryFest agus in ionaid cosúil le MoLI  (Museum of Literature Ireland).

Chaith sí suim blianta ag obair le Comhluadar, eagraíocht a thug tacaíocht do theaghlaigh a bhí ag tógáil clainne le Gaeilge.

## TARSILA KRÜSE
**Maisitheoir**

Maisitheoir is ea Tarsila Krüse a bhfuil duaiseanna buaite aici agus a bhaineann sult as gúnaí a chaitheamh, a madraí a thabhairt amach ag siúl agus cappuccino a ól. Brasaíleach ó dhúchas ach Éireannach ó chroí atá inti. Tá nach mór dosaen leabhar maisithe ag Tarsila, an chuid is mó díobh i nGaeilge. Baineann a cuid saothar ealaíne meangadh gáire as daoine. Tá sí ar dhuine de bhunaitheoirí an Blind Elephant Collective agus an kidlit PuddleJump Collective agus is údar bróid di a bheith ina ball de Illustrators Ireland, Children's Books Ireland agus The Association of Illustrators.
Cuireadh a cuid léaráidí, a chuireann gliondar croí ar dhaoine, ar taispeáint i mBéal Feirste, i mBaile Átha Cliath, sa Bhratasláiv, i Londain agus ag an Eric Carle Museum of Children's Books i SAM agus i measc na ngradam a bronnadh uirthi tá Gradam Chumann Litearthachta na hÉireann as Ná Gabh ar Scoil! (Máire Zepf a scríobh, Futa Fata 2015); Gradam Réics Carló 2018 as Bliain na nAmhrán (Tadhg Mac Dhonnagáin a scríobh, Futa Fata 2016) mar aon leis an White Raven Award 2017 ón International Youth Library in München as Bliain na nAmhrán chomh maith.